Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# BEALAÍ SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

# Scoil na bhForbacha

## Alt 38

# COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Feabhra 2026

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Forbhreathnú | 3 |
| Cúlra | 3 |
| Suíomh na Scéime | 3 |
| Cuspóirí an Tionscadail | 4 |
| Achoimre ar na Bearta a Mholtar | 4 |
| Cad atá déanta go dtí seo? | 4 |
| Cad a tharlóidh ina dhiaidh seo? | 5 |

## Forbhreathnú


Tá sé mar aidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Scoileanna Glasa An Taisce, Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile (BSS) a sholáthar do Scoil na bhForbacha, Furbacha. D'éirigh le hiarratas 2021 na scoile sin ar a bheith páirteach i gclár BSS. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal réimse beart a chur ar fáil atá deartha chun rochtain níos sábháilte ar an scoil a sholáthar. Is iad na bearta sin ná an bonneagar áitiúil a fheabhsú, pointí trasnaithe níos sábháilte a sholáthar, agus aird a dhíriú ar chrios na scoile.

## Cúlra

Is clár é an Clár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile (BSS) a cheap an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) i gcomhpháirtíocht le Scoileanna Glasa, An Taisce. Forbraíodh an clár in 2020 chun an t-éileamh ar thacaíocht do scoileanna a shásamh chun siúl agus rothaíocht chun na scoile a mhéadú. Is iad aidhmeanna an chláir an tsábháilteacht ag geata na scoile a fheabhsú mar seo a leanas: cóireálacha 'tosach na scoile' a chur ar fáil chun brú tráchta a mhaolú agus rochtain a fheabhsú, an bonneagar siúil agus rothaíochta a fheabhsú chun bealaí rochtana chun na scoile a fheabhsú, agus líon na ndaltaí a rothaíonn ar scoil a mhéadú ach méid na páirceála rothar a leathnú. Déantar na hoibreacha a chatagóiriú in dhá ghrúpa, bearta ar thosach na scoile agus bearta ar bhealaí chun na scoile, agus is féidir a bheith san áireamh leis na bearta sin feabhsuithe infheictheachta sa Chrios Scoile agus ag na Tairseacha, bonneagar siúil agus rothaíochta nua/uasghrádaithe, pointí trasnaithe níos sábháilte do choisithe, cóireálacha acomhail, uasghrádú ar bhealaí isteach na scoile atá ann cheana, agus feabhsuithe ar naisc thréscaoilteachta

## Suíomh na Scéime

Tá an scéim seo lonnaithe ar an R336, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe. Léirítear i bhFíor 1 thíos suíomh na Scoile i ngar do chathair na Gaillimhe.




Fíor 1 – Suíomh na Scoile

## Cuspóirí an Tionscadail

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Tionscadail seo:

- Rochtain níos sábháilte a sholáthar ag príomhbhealach isteach na scoile
- Sábháilteacht ar bhóithre agus feasacht tiománaithe a mhéadú láimh leis an scoil
- Nascacht níos fearr a sholáthar idir scoileanna agus gineadóirí turais eile
- Aird a dhíriú ar chrios scoile a bheith ann
- Luasanna feithicle a laghdú in aice leis an scoil agus ar an mbealach isteach chuici

## Achoimre ar na Bearta a Mholtar

Is féidir tograí dearaidh do **Scoil na bhForbacha** a achoimriú mar seo a leanas:

- Trasrian coisithe ar bhord ardaithe le comharthaíocht a chruthú ar an R336 díreach os comhair na scoile.
- Trasrian coisithe ar bhord ardaithe le comharthaíocht a chruthú ar an R336 láimh leis an stáisiún breosla/in aice leis an Montessori.
- Teannadh acomhail agus trasrianta neamhrialaithe boird ardaithe a sholáthar ag roinnt bealaí isteach feadh an R336, lena n-áirítear bealach isteach na scoile, eastát Dhún Éibhir agus acomhal L1322 (Bóthar Chnocán an Bhodaigh) mar a aibhsítear sna líníochtaí.
- Úsáid a bhaint as comharthaíocht Bealaí Sábháilte chun na Scoile, as marcanna bóthair agus as mullaird pinn luaidhe chun aird a dhíriú ar chrios na scoile.

Léirítear tograí dearaidh do Scoil na bhForbacha sa líníocht atá ceangailte leis an gcomhairliúchán seo. Is líníocht athbhreithnithe í seo ón leagan níos luaithe a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2025, áit a ndearnadh breithniú ar na haighneachtaí uile a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí ag an am sin agus a cuireadh san áireamh sa dearadh is déanaí nuair is iomchuí.

## Cad atá déanta go dtí seo?

Díorthaíodh na Réamhlíníochtaí reatha ó roinnt moltaí a luadh i bPlean Seachadta Imlíne An Taisce don scoil seo agus a rinneadh ceardlann fúthu i gcomhar leis an ÚNI ina dhiaidh sin. Cuireadh roinnt beart san áireamh freisin tar éis don phobal aiseolas a sholáthar i Meán Fómhair 2025 tríd an gcomhairliúchán poiblí ag an am sin. Rinneadh Iniúchadh um an tSábháilteacht ar Bhóithre ar an scéim agus athraíodh aon fhadhbanna a leagadh béim orthu dá réir.

Tá ceadú Thairseach 3 faighte ag an scéim. Is í an chéad chéim eile ná Céim 4 i.e. pleanáil. Gheobhaidh tú achoimre ar na 7 gcéim de phróiseas ceadaithe tionscadail an ÚNI thíos.




Fíor 2 – Próiseas Ceadaithe Tionscadail an ÚNI

## Cad a tharlóidh ina dhiaidh seo?

<u>Céim 4</u>

Tugtar cuireadh don phobal féachaint ar an ábhar ar líne. Féadfar aighneachtaí i ndáil leis an scéim atá beartaithe a dhéanamh i scríbhinn chuig an Rannóg Taistil Ghníomhaigh ach ceann den dá rogha seo a leanas a úsáid:

- I scríbhinn chuig an bhFoireann Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX nó,
- Go leictreonach trí https://consult.galway.ie/.

**Is é an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ná Dé hAoine, an 20 Feabhra 2026 ar 12:00pm.**

**Tabhair do d'Aire**:

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú mionsonraithe ar na tráchta agus na tuairimí go léir a chuirfear isteach agus breithneoidh siad, nuair is cuí, athruithe ar an dearadh.

Tá gach beart a luaitear faoi deara faoi réir an mhaoinithe.